GL Assessment®

# PPTC

Grúpa Aistrithe Iarbhunscoileanna

# Gaeilge

Páipéar Samplach

**MAR EOLAS AMHÁIN**
**NÁ HÚSÁIDTEAR AN SAMPLA**

Leathanach 2

# Intreoir

Sa leabhrán seo tá roinnt scéalta. Tá sleachta as cineálacha éagsúla leabhar. Tá súil againn go mbeidh siad suimiúil agus sultmhar agat. Beidh ceisteanna ann ar na sleachta iad féin agus.

Tá roinnt cleachtaí litrithe agus poncaíochta fosta.

Agus tú ag obair tríd an leabhrán seo, bain úsáid as ‘Gluais’ agus ‘Clár’ nuair is mian leat.

## Clár


| | Leathanach |
|---|---|
| **Teist Chleachta** | 4 |
| **Príomhtheist** | 8 |
| Danny Seaimpín an Domhain | 8 |
| Poncaíocht | 14 |
| Smaoinigh Féin! | 16 |
| Litriú | 22 |
| Gluais | 24 |
| Innéacs | 24 |

Léigh trid an dréacht.

## An Leabharlann

Tá leabhar a thig liom a léamh gan stró,
b'fhéidir go nglacfaidh mé ceann nó dhó,
An dtig iad a choinneáil amach go deo?
Tá leabhair an-mhaith istigh anseo!

Tá leabhair a shásódh an uile dhuine,
achan áit ar fud na leabharlainne,
Tá siad le feiceáil anseo is ansiúd,
Ó, amharc an leabhar mór deas úd!

Is breá liom bheith ag amharc ar na pictiúir dhaite,
is iad uilig crochta ar bhallaí na háite,
Is mór an trua nach dtig liom fanacht,
i measc na leabhar anseo go brách.

Freagair na ceisteanna seo ar an dán. Marcáil an litir don fhreagra ar an leathanach freagraí. Rinneadh an chéad cheann duit.

1 **Cá háit a bhfuil an file sa dán seo?**

**A** Tá sé istigh sa leabharlann.
**B** Tá sé sa bhaile.
**C** Tá sé ar a laethanta saoire.
**D** Tá sé istigh sa bhialann.
**E** Tá sé ina leaba.

2 **Cad é atá crochta ar bhallaí na háite?**

**A** pictiúir dhaite
**B** leabhair an-mhaith
**C** leabhar mór deas
**D** grianghraif ghreannmhara
**E** maisiúcháin na Nollag

3 **Ciallaíonn an focal 'achan' sa dara véarsa:**

**A** gach
**B** álainn
**C** ar an
**D** easpa
**E** barraíocht

Sa sliocht thíos tá meancóga le ceannlitreacha agus leis an phoncaíocht ann agus tá meancóga litrithe ann fosta. Caithfidh tusa na meancóga a aimsiú. Ar chuid de na línte tá meancóg amháin ann. Ar línte eile níl meancóg ar bith ann. Aimsigh an grúpa focal a bhfuil an mheancóg ann agus marcáil an litir cheart ar do leathanach freagraí. Mura bhfuil meancóg ar bith ann, marcáil N ar do leathanach freagraí.

Ar dtús, cuardaigh meancóga **poncaíochta.**

Maidin Dé Luain a bhí ann.

4 Bhí gach Páiste a bhí i rang 6 ag dúil leis

5 an mhúinteoir nua a fheiceáil. Dimigh an múinteoir

6 Ciara le babaí nua a bheith aici ag tús an tsamhraidh.

Anois cuardaigh na meancóga **litrithe**

7 Bhí fear ag dul a bheith mar mhuinteoir acu don chéad uair!

8 Tháinig sé isteach sa seomra rannga. Bhí sé iontach ard

9 agus bhí cuma an-aclí ar fad air. D'inis sé dúinn ansin

10 gur Niall an t-ainm a bhí air. Bhí dúil againn ann láithreach.

DEIREADH LEIS AN TEIST CHLEACHTA
Ná tiontaigh an leathanach le do thoil go dtí go n-iarrfar ort

Léigh an sliocht thíos, ansin freagair na ceisteanna ar na leathanaigh a thagann ina dhiaidh sin. Má tá focail ar bith ann nach dtuigeann tú, b'fhéidir go bhfuil siad sa Ghluais ar leathanach 24.

## Danny Seaimpín an Domhain

"Tá séideadh maith gaoithe ann inniu," arsa m'athair liom maidin Shathairn amháin. "Beidh lá iontach ann d'eitleoga. Déanaimis eitleog, a Danny."

Agus rinne muid amhlaidh. Thaispeáin sé dom an dóigh le ceithre shlat chaola a cheangal le chéile i gcruth réiltín agus dhá shlat eile a chur trasna ar a lár. Ansin, ghearr muid seanléine ghorm dá chuid agus rinne muid an t-éadach a shíneadh thar an fhráma. Rinne muid eireaball fada as snáth agus na giotaí beaga a bhí fágtha, cheangail muid iad den eireaball. D'aimsigh muid corda sa gharáiste agus thaispeáin m'athair dom an dóigh le corda a cheangal leis an fhráma sa dóigh is go mbeadh an eitleog cothrom agus í ag eitilt.

Shiúil muid le chéile go barr an chnoic taobh thiar den stáisiún peitril chun an eitleog a scaoileadh amach san aer. Bhí mé go mór in amhras an mbeadh an rud seo in ann eitilt ar chor ar bith, ní raibh ann ach cúpla slat agus seanléine. Rug mé greim ar an chorda agus thóg m'athair an eitleog. Chomh luath is a scaoil sé a ghreim uirthi ghabh sí an ghaoth agus d'éirigh in airde sa spéir mar a bheadh éan mór gorm ann."Lig amach níos mó, a Danny!" a ghlaoigh sé. "Ar aghaidh leat! Oiread agus is mian leat!"

D'éirigh an eitleog níos airde agus níos airde sa spéir. Ní fada go raibh sí chomh hard sin nach raibh inti ach ponc beag gorm ag damhsa thuas sa spéir os mo chionn. Chuir sé mo chroí ag bualadh i m'ucht bheith i mo sheasamh ansin agus greim agam ar rud a bhí chomh fada sin i gcéin. Bhí sé ag tarraingt agus ag streachailt ag ceann na líne mar a bheadh iasc mór ann.

"Siúlaimis ar ais go dtí an carbhán léi," arsa m'athair. Síos an cnoc linn arís, greim agamsa ar an chorda agus an eitleog ag tarraingt go fíochmhar air. Nuair a tháinig muid chomh fada leis an charbhán d'éirigh linn gan ligean don chorda dul i bhfostú sa chrann úll agus thug muid chomh fada le céimeanna an charbháin í.

"Ceangail de na céimeanna anois í," arsa m'athair.

“Ach an bhfanfaidh sí in airde? arsa mise.

“Fanfaidh, fad is nach dtitfidh an ghaoth,” ar seisean.

Níor thit an ghaoth. Agus rud eile, d’fhan sí in airde ansin ar feadh na hoíche ar fad. Ag am bricfeasta an mhaidin dár gcionn bhí an ponc beag gorm fós ag luascadh sa spéir. Tharraing mé anuas í agus chroch mé go cúramach í ar bhalla an gharáiste.

Tháinig tráthnóna breá ciúin go gairid ina dhiaidh sin nuair nach raibh oiread is puth gaoithe ann. Arsa m’athair liom, “An bhfuil a fhios agat, bheadh tráthnóna inniu go hiontach do bhalún tine. An ndéanfaimid balún tine?”

Caithfidh sé go raibh sé pleanáilte aige roimh ré, nó bhí sé i ndiaidh ceithre leathanach mhóra de pháipéar síoda agus pota gliú a cheannach sa siopa leabhar. Ansin, gan aige ach an páipéar, an gliú, siosúr agus sreang, chruthaigh sé balún tine iontach dom taobh istigh de cheathrú uaire an chloig. Cheangail sé flocas cadáis san oscailt i dtóin an bhalúin agus bhí gach rud réidh ansin.

Bhí sé ag éirí dorcha nuair a thug muid amach sa pháirc ar chúl an charbháin í. Bhí braon peitril agus cipíní againn. Choinnigh mé an balún in airde agus chrom m’athair síos faoina bhun agus dhoirt sé an peitreal ar an fhlocas cadáis go cúramach.

“Seo linn anois,” ar sé, agus las sé an flocas cadáis. “Tarraing na taobhanna amach oiread agus is féidir leat anois, a Danny!”

Léim tine mhór bhuí ón fhlocas cadáis in airde agus chuaigh díreach isteach i lár an bhalúin.

“Rachaidh sé trí thine!” a ghlaoigh mise.

“Ní rachaidh,” ar seisean. “Amharc air!”

Choinnigh muid taobhanna an bhalúin amach ón tine go dtí go raibh sí lasta i gceart. Níorbh fhada gur líonadh an balún le haer te agus bhí an chontúirt thart.

“Tá sí chóir a bheith réidh!” arsa m’athair. “An mothaíonn tú í ar snámh?”

“Mothaím!” arsa mise. “An scaoilfidh mé saor í?”

“Chan go fóill!.....Fan soicind!.....Fan go mbeidh sí ag tarraingt!”

55. “Tá sí ag tarraingt anois!” arsa mise.

56. “Scaoil léi anois.”

57. Go mall is go maorga is gan fuaim ar bith, thosaigh an balún ag éirí suas san aer,
58. suas, suas, suas i spéir na hoíche.

59. “Tá sí ag eitilt!” a ghlaoigh mé, agus mé ag bualadh bos agus ag léim timpeall.

60. Bhí m’athair chóir a bheith chomh tógtha is a bhí mise.

61. “Ní bhíonn a fhios agat cad é mar a bheidh siad go scaoilfidh tú saor iad. Ní bhíonn
62. aon dá cheann mar an gcéanna.”

---

Freagair na ceisteanna seo le do thoil. Amharc ar an sliocht arís más gá. Roghnaigh an freagra **is fearr** agus marcáil an litir ar do leathanach freagraí.

1 **Bhí 2 chineál dhifriúla aimsire de dhíth leis an eitleog agus an balún tine a chur ag eitilt.**

**Roghnaigh an ceann ceart.**

**A** gaoth láidir + grian láidir
**B** gan ghrian + gan ghaoth
**C** gan ghaoth + gaoth láidir
**D** gan ghaoth + grian láidir
**E** grian láidir + gaoth lag

2 **Thaispeáin athair Danny 2 rud dó a bhí tábhachtach le heitleog mhaith a dhéanamh. Cad chuige a raibh air an tsreang a cheangal leis an fhráma ar dhóigh speisialta?**

**A** lena chinntiú go mbeadh an eitleog ag eitilt go cothrom
**B** leis an fhráma a neartú
**C** leis an eitleog a dhéanamh níos éadroime
**D** lena chinntiú nach mbeadh an fráma ró-éadrom
**E** leis an eitleog a dhéanamh níos troime

3 **Cad chuige ar shíl athair Danny gur chóir eitleog a dhéanamh?**

**A** Bhí Danny ag iarraidh eitleog a dhéanamh le fada an lá.
**B** Bhí athair Danny ar a laethanta saoire.
**C** Bhí Danny saor ón scoil.
**D** Bhí athair Danny ag iarraidh rudaí nua a theagasc dó.
**E** Bhí gaoth láidir ann an lá sin.

4 **Cad chuige a raibh Danny go mór in amhras** (líne 11)**?**

**A** Shíl sé go raibh barr an chnoic i bhfad ar shiúl.
**B** Shíl sé go gcaillfeadh siad an eitleog.
**C** Shíl sé go raibh an eitleog róthrom.
**D** Shíl sé nach mbeadh an eitleog ábalta eitilt.
**E** Shíl sé nach mbeadh go leor gaoithe ann.

5 **Cad chuige a raibh an eitleog mar éan mór gorm agus ansin, mar phonc beag gorm taobh istigh d'am ghairid?**

**A** Bhí an eitleog ag eitilt in airde sa spéir go gasta.
**B** Ní raibh Danny ábalta an eitleog a fheiceáil go soiléir.
**C** Bhí an cruth ag athrú gach uile bhomaite.
**D** Bhí píosaí ag titim di agus í ag eitilt san aer.
**E** Bhris an tsreang agus d'eitil an eitleog ar shiúl.

6 **Cad é an míniú is fearr ar "rinne muid amhlaidh"?** (líne 3)

**A** Rinne muid prácás.
**B** Rinne muid barraíocht.
**C** Sin go díreach an rud a rinne muid.
**D** Ní dhearna muid go leor.
**E** Ní dhearna muid rud ar bith.

7 **Cad é an míniú is fearr ar "Oiread agus is mian leat!"?** (líne 16)

**A** rud ar bith ar chor ar bith
**B** píosa an-bheag
**C** an méid is lú agus is féidir
**D** an méid is mó agus is féidir
**E** an méid ba mhaith leat

8 **Nuair a bhí an eitleog ag tarraingt ar an tsreang bhí sí cosúil le …**

**A** éan
**B** iasc
**C** nathair
**D** frog
**E** moncaí

9 **Nuair a bhí an eitleog ag damhsa bhí sí cosúil le …**

**A** frog
**B** éan
**C** moncaí
**D** iasc
**E** nathair

10 **Cad chuige a raibh an eitleog “ag tarraingt go fíochmhar air”?** (líne 23)

**A** bhí sí greamaithe ar an bhalún tine.
**B** bhí Danny ag iarraidh ligean di.
**C** bhí an ghaoth ag séideadh go héadrom.
**D** bhí athair Danny ag cleasaíocht.
**E** bhí gaoth láidir ann go fóill.

11 **Cá háit ar fhág Danny an eitleog ceangailte thar oíche?**

**A** in aice leis an bhalún tine
**B** thuas sa chrann úll
**C** ar bhalla an gharáiste
**D** ar chéimeanna an charbháin
**E** thíos faoina leaba

12 **Cén 2 rud a bhí ag athair Danny leis an bhalún tine a líonadh le haer te?**

**A** corda agus sreang
**B** spéir agus gaoth
**C** carbhán agus cipíní
**D** flocas cadáis agus peitreal
**E** peitreal agus gaoth

13 **Tá an focal ‘fuaim’** (líne 57) **in úsáid sa scéal mar…**

**A** ainmfhocal
**B** briathar
**C** aidiacht
**D** réamhfhocal
**E** dobhriathar

14 **Cad é an míniú is fearr ar “Ní bhíonn aon dá cheann mar an gcéanna”?** (línte 61–62)

**A** Bíonn gach dara ceann mar an gcéanna.
**B** Bíonn siad uilig mar an gcéanna.
**C** Bíonn gach dara ceann difriúil.
**D** Bíonn gach ceann difriúil.
**E** Bíonn gach tríú ceann mar an gcéanna.

15 **Cé acu thíos atá ar comhchiall le “tógtha”** (líne 60)

**A** brónach
**B** ar bís
**C** ciúin
**D** sásta
**E** mealta

16 **“gan ligean don chorda *dul i bhfostú* sa chrann”** (línte 24–25)**.**

**Cad é a chiallaíonn “dul i bhfostú”?**

**A** dul i bhfad
**B** imeacht
**C** greamú
**D** eitilt ar shiúl
**E** titim go talamh

Sa sliocht thíos tá meancóga ann le ceannlitreacha agus leis an phoncaíocht. Ar chuid de na línte tá meancóg **amháin** ann. Ar línte eile níl meancóg **ar bith** ann. Aimsigh an grúpa focal a bhfuil an mheancóg ann agus marcáil an litir cheart ar do leathanach freagraí. Mura bhfuil meancóg ar bith ann, marcáil N ar do leathanach freagraí.

## Poncaíocht

17 Deir an múinteoir Go mbeidh muid ag dul ar thuras ar an Déardaoin.

18 “An bhfuil cead agam na scuaba péinte a thabhairt amach?” Arsa Seán.

19 Tá m’ainm scríofa ar lipéid atá greamaithe ar’mo chóipleabhair uilig.




20 Maireann deilfeanna san fharraige timpeall na hÉireann.

21 Seachtain ó shin, d’ith Áine cuileog de thimpiste: agus bhí sí tinn.




22 Cheannaigh mé, seacláid, líreachán sú oráiste agus uachtar reoite sa siopa.

23 “An bhfaca duine ar bith mo mhála scoile?” arsa Seán liom ar maidin.

24 Bhí Cinnín Óir Ag srannfach nuair a thit sí ina codladh i leaba Bhaibí Béar.

25 Bíonn fleadh againn do Lá Fhéile Pádraig ar an, 17ú de Mhí an Mhárta.

Léigh an sliocht thíos, ansin freagair na ceisteanna ar na leathanaigh a thagann ina dhiaidh sin.

# Smaoinigh Féin!

An raibh a fhios agat gur Éireannach a rinne an chéad fhomhuireán (long a ghluaiseann faoi uisce)? Fear as Contae an Chláir, Seán Ó hAoláin (John Philip Holland) an t-ainm a bhí air agus rinne sé an chéad fhomhuireán ceart in 1870. Bhí daoine eile ann roimhe a rinne iarracht ar long a dhéanamh a bhí ábalta taisteal faoin fharraige ach d'éirigh le Seán an chéad fhomhuireán fiúntach, éifeachtach a dhearadh. Tá a lorg le feiceáil go fóill ar na fomhuireáin atá againn sa lá atá inniu ann.

Rugadh Seán Ó hAoláin i gContae an Chláir ar an 29ú Feabhra 1840. Bhí a mháthair ina cainteoir líofa Gaeilge agus bhí a athair ag obair mar gharda cósta. Bhí an-suim ag Seán i gcúrsaí mara agus ba mhian leis a bheith ina mhairnéalach.

Níor tharla seo áfach, agus bhí sé ina mhúinteoir. Theagasc sé i Luimneach, i gCorcaigh agus i nDroichead Átha.

Nuair a bhí sé ag teagasc i gCorcaigh thosaigh sé ag cur suime sna fomhuireáin. Ba ghnách leis mionsamhail de longa a dhearadh agus a thriail ar lochán beag a bhí i gclós na scoile.

Thart faoin am seo nuair a bhí sé ina mhúinteoir i gCorcaigh, léigh Seán cur síos ar an chath idir 2 long le linn chogadh na saoirse i Meiriceá. D'aithin sé gurb é an dóigh is fearr le longa a ionsaí ná poill a chur iontu faoi leibhéal an uisce. Rachadh na longa go tóin poill go gasta mar sin.

D'éirigh sé tinn agus d'fhág sé an teagasc ina dhiaidh. Chuaigh sé go Meiriceá áit ar lean sé leis an obair ar na fomhuireáin. Thosaigh sé ag obair ar fhomhuireán a dhearadh ach ag an tús ní raibh suim ag duine ar bith ann go dtí gur chuir sé cadhnraí agus mótair leictreacha iontu. Thug sin níos mó cumhachta dóibh.

Rinne sé fomhuireáin d'arm na Stát Aontaithe, agus faoi 1914 bhí na Gearmánaigh ag úsáid an fhomhuireáin mar uirlis mhór cogaidh. Tugadh "U-bháid" ar a bhfomhuireáin, focal a thagann ón Ghearmáinis "unterseeboot".

Le fomhuireán a chur faoin fharraige ligtear uisce isteach in umair atá ag taobhanna na loinge. Anois tá an long trom go leor le dul faoin fharraige. Nuair a ligtear an t-uisce amach as na humair arís, tagann an long aníos go barr na farraige arís.

Bhain cabhlach Shasana úsáid as dearadh Holland agus thug siad "Holland-Class submarine" air.

Bhain cabhlach na Seapáine úsáid as dearadh Holland chomh maith agus bhronn siad onóir speisialta ar Sheán le meas a léiriú ar an obair iontach a bhí déanta aige.

Fuair sé bás ar an 12ú Lúnasa 1914 i ndiaidh dó 56 bliain a chaitheamh ag obair ar fhomhuireáin a dhearadh agus a dhéanamh.

Tá John Philip Holland ar dhuine de na hinnealtóirí míleata is fearr a bhí ar an domhan go dtí seo. Gach bliain ar an 1ú Bealtaine in Paterson New Jersey bíonn *John Philip Holland Day* ann in ónóir dó.

Pictiúr den chéad fhomhuireán a dhear Seán Ó hAoláin. Tá sé le feiceáil in New Jersey.

Tá leacht cuimhneacháin do Sheán Ó hAoláin i nDroichead Átha in Éirinn.

Chreid Seán go gcuideodh an fomhuireán le síocháin sa domhan. Bhí na fomhuireáin chomh héifeachtach mar long chogaidh gur chreid sé go dtiocfadh deireadh le cogadh ar an fharraige. Nuair a fuair Seán bás in 1914 bhí an chéad chogadh domhanda díreach i ndiaidh tosú. Go gairid ina dhiaidh sin, maraíodh 1,400 fear a bhí ar thrí long chogaidh de chuid Shasana mar go ndearna fomhuireán Gearmánach ionsaí orthu.

Tá obair Sheáin le feiceáil ar fhomhuireáin go dtí an lá atá inniu ann, ach tá difríochtaí móra ann chomh maith. Tá ríomhairí agus cumhacht núicléach sna fomhuireáin anois agus roicéid núicléacha ar bord acu chomh maith. Cad é an bharúil a bheadh ag Seán de seo?

Freagair na ceisteanna seo. (Amharc ar an sliocht arís más mian leat.)
Is cóir duit an freagra **is fearr** a roghnú agus a litir cuí a mharcáil ar do leathanach freagraí.

26 **Cad é a chiallaíonn "tá a lorg le feiceáil …"?** (líne 6)

**A** Tá smaointe a bhí aige faoi thógáil fomhuireán le feiceáil go fóill.
**B** Bhí rud caillte aige ba mhaith leis teacht air.
**C** Chuir sé marc air.
**D** Tá pictiúr de Sheán le feiceáil.
**E** Is féidir na fomhuireáin uilig a rinne sé a fheiceáil go fóill.

27 **Cén cineál loinge í fomhuireán?**

**A** Is long cogaidh é ar féidir le héileacaptair tuirlingt air.
**B** Thig leat dul ar laethanta saoire air, cosúil le hóstán ar snámh.
**C** Thig leis gluaiseacht ar an talamh agus ar uisce.
**D** Thig leis gluaiseacht faoin fharraige.
**E** Is long ollmhór é a bhfuil seolta air.

28 **Cad é an tslí bheatha ba mhaith le Seán nuair a bhí sé óg?**

**A** bheith ina mhairnéalach
**B** bheith ina shagart
**C** bheith ina mhúinteoir
**D** bheith ina shaighdiúir
**E** bheith ina fhear dóiteáin

29 **Cad é mar is féidir fomhuireán a thabhairt aníos go barr na farraige arís?**

**A** tuilleadh uisce a chur sna humair
**B** na humair a líonadh le haer
**C** uisce a scaoileadh amach as na humair
**D** na mairnéalaigh imeacht as
**E** cúl na loinge a ísliú

30 **Cad chuige ar stop Seán den teagasc?**

**A** Bhí obair níos fearr le fáil i Meiriceá.
**B** Bhog sé chuig teach nua.
**C** Cuireadh deireadh leis an phost s'aige.
**D** Níor thaitin an teagasc leis.
**E** D'éirigh sé tinn.

31 **Thosaigh daoine ag cur suime sna fomhuireáin nuair a...**

**A** bhí cogadh ag tosú.
**B** bhí siad ábalta bogadh go gasta le leictreachas.
**C** cheannaigh Meiriceá iad.
**D** cheannaigh cabhlach Shasana iad.
**E** bhí an cogadh thart.

32 **Cén tír a d'úsáid na fomhuireáin ar dtús agus iad ag troid i gcogadh?**

**A** An tSeapáin
**B** An Bhreatain
**C** Na Stáit Aontaithe
**D** An Ghearmáin
**E** Ceanada

33 **Ainmnigh dhá áit in Éirinn ina raibh Seán ina chónaí?**

**A** Droichead Átha agus Béal Feirste
**B** Doire agus an Clár
**C** An Clár agus Laois
**D** Droichead Átha agus Corcaigh
**E** Corcaigh agus Baile Átha Cliath

34 **Cén focal sa téacs atá ar comhchiall le tanc?**

**A** lochán
**B** umar
**C** leacht
**D** cabhlach
**E** long

35 **Cén frása sa pharagraf dheireanach a chiallaíonn an rud céanna le "fosta"?**

**A** chomh maith
**B** go dtí
**C** ar bord
**D** le feiceáil
**E** a bheadh

36 **Tá an focal teagasc** (líne 20) **in úsáid mar**

**A** briathar
**B** aidiacht
**C** ainmfhocal
**D** réamhfhocal
**E** dobhriathar

37 **Cén cineál focail é núicléach?** (líne 47)

**A** ainmfhocal
**B** dobhriathar
**C** briathar
**D** réamhfhocal
**E** aidiacht

38 **Nuair atá tú ag teacht aníos cén treo a bhfuil tú ag dul?**

**A** ag dul suas
**B** ag dul síos
**C** ag dul siar
**D** ag dul soir
**E** ag teacht aniar

39 **Cá háit ar dhear agus ar thriail Seán an chéad fhomhuireán a rinne sé?**

**A** sa bhaile i gContae an Chláir
**B** in New Jersey
**C** i gCorcaigh
**D** i Luimneach
**E** i nDroichead Átha

40 **Cá raibh an 1,400 fear a mharaigh fomhuireán le linn an chéad chogaidh dhomhanda?**

**A** ar fhomhuireán Sasanach
**B** ar long Sheapánach
**C** ar long Mheiriceánach
**D** ar fhomhuireán Meiriceánach
**E** ar long Shasanach

41 **Cá háit a bhfuil an chéad fhomhuireán a dhear Seán le feiceáil inniu?**

**A** i gCorcaigh
**B** in New Jersey
**C** i nDroichead Átha
**D** i Luimneach
**E** i gContae an Chláir

Tá meancóga litrithe sna habairtí thíos. Ar chuid de na línte tá meancóg **amháin** ann. Ar línte eile níl meancóg **ar bith** ann. Aimsigh an grúpa focal a bhfuil an mheancóg ann agus marcáil an litir cheart ar do leathanach freagraí. Mura bhfuil meancóg ar bith ann, marcáil N ar do leathanach freagraí.

## Litriú

42 Beidh turas Gaeltachta again i mbliana mar go bhfuil muid i rang 7.
A B C D

43 Is breá liom an rás 3 chos ag an lá spóirt, agus bhí mé sa chéad áit
A B C
anuraidh le mo ceara Seán.
D

44 Tá an ghrian ag solisiú inniu agus beidh sé iontach te tráthnóna.
A B C D

45 D'éalaigh moncaí ón zú anuraidh agus léim sé ar an bhus go Doire sula raibh
A B C
a fhios ag duine ar bith faoi!
D

46 Is breách liom uachtar reoite ach is fearr i bhfad liom seacláid.
A B C D

47 Tá mé ag dul cuig an leabharlann le leabhair David Walliams a fháil ar iasacht.
A B C D

48 “Ar chríochnaigh tú d’obair bhaile go fóill, a Mháire?” arsa Mamaí loim.

A B C D

49 Rachaidh mé chuig na cluichí Oilimpeacha nuair a bheidh mé níos sine.

A B C

Tá mé ró-óg gó fóill.

D

50 Cheannaígh mo thuismitheoiri madú nua dom do mo lá breithe

A B C

agus tá áthas orm.

D

# Gluais

**Ábalta:** in inmhe
**Cabhlach:** longa cogaidh
**Cogadh:** troid
**Contúirt:** dainséar
**Dearadh:** plean mar phictiúr ar leathanach
**Faoin fharraige:** faoi leibhéal na mara
**Muir:** farraige
**Umar:** tanc

# Innéacs


Cead 14
Deilfeanna 14
Fleadh 15
Leabhar 4, 5
Lúnasa 17
Roicéid 17
Sasanach 17, 21
Smaointe 18
Tógtha 10

Copyright © GL Assessment, 2021.

GL Assessment owns all intellectual property rights in the publication.
GL Assessment reserves all of its rights in the publication, including translation.

You are only allowed to use the publication in an exam environment in accordance with the Declaration of Use.

You are not allowed to do any of the following without GL Assessment's permission:

- make a copy of it in any way (for example by hand, a photocopy or a photo on your phone)
- store a copy of it in any way (whether as a hard copy or electronic copy)
- send a copy of it in any way (whether as a hard copy or electronic copy)

The above restrictions apply to the publication as a whole or any part/section of it.

There is no arrangement in place with the Copyright Licensing Agency Limited (CLA) which would allow you to make a copy.

Confidentiality of these exam materials is key to preserving the integrity of the GL Assessment 11+. Any breach of the above, copying or other attempts to disseminate the test content will be actively pursued by GL Assessment through legal channels if necessary.

GL Assessment® is a registered trademark of the GL Education Group.

Published by GL Assessment, 1st Floor, Vantage London, Great West Road, Brentford TW8 9AG.

Typeset and printed in Great Britain.

Code 6860 007
1(09.21) PF